An Roinn Oideachais
Department of Education

# Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht

## Cur chuige Oideachais Uile na hÉireann chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna


Nollaig 2022




When no one helps you.
Feeling Nervous or scared.
Talk to someone
Talk to someone who will listen.
Not being able to tell.

# Clár na nÁbhar


Réamhrá ón Aire Norma Foley TD 4
Réamhrá ón Ard-Rúnaí Bernie McNally 5
Réamhrá ón Dr Noel Purdy, Cathaoirleach an Choiste Stiúrtha 6
Ár bhFís 8
An cur chuige atá againn chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi 10
Guthanna ónár bpobal scoile 16
Cad is iompar bulaíochta ann? 20
Treochlár na Roinne Oideachais chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi 22



Na príomhbhearta chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi 24
Cultúr agus Timpeallacht 26
Curaclam (Teagasc agus Foghlaim) 29
Polasaí agus Pleanáil 32
Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí 34
Rath a Thomhas 36
Ráiteas Deiridh 38
Ballraíocht an Choiste Stiúrtha 39
Giorrúcháin 40
Leabharliosta 41



# Réamhrá ón Aire Norma Foley TD

Cuireann sé an-áthas orm *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* a fhoilsiú, ar plean é ina leagtar amach treochlár cuimsitheach lena chinntiú nach nglactar beag ná mór leis an mbulaíocht i scoileanna na hÉireann agus gur áiteanna iad scoileanna ina mothaíonn gach aon leanbh agus duine óg go bhfuil fáilte roimhe nó roimpi agus ina léirítear meas agus tuiscint air nó uirthi.

Rinne an Roinn forbairt ar an bplean seo i gcomhar le Coiste Stiúrtha ilchineálach a mbaineann a chuid ball le hionadaithe ón tsochaí shibhialta, ón saol acadúil agus iad siúd atá ag obair go díreach le leanaí agus daoine óga. Is mian liom buíochas ó chroí a ghlacadh le cathaoirleach an Choiste Stiúrtha, an Dr Noel Purdy, leis an Ollamh James O'Higgins Norman, cathaoir UNESCO ar Bhulaíocht agus ar Chibearbhulaíocht agus le baill uile an Choiste Stiúrtha as an obair agus as an saineolas a chuir siad ar fáil don saothar tábhachtach seo. Is maith is eol dom go bhfuil an-obair ar siúl cheana féin inár scoileanna chun dul i ngleic le bulaíocht agus chun 'cineáltas' a chur chun cinn. Cuirfidh feidhmiú na mbeart sa Phlean Gníomhaíochta seo go mór leis an obair atá á déanamh againn cheana féin lena chinntiú go gcoinnítear na leanaí agus na daoine óga go léir atá ag freastal ar ár scoileanna saor ó dhíobháil agus go bhfuil folláine ár leanaí agus ár ndaoine óga chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn.

Bhí an Coiste Stiúrtha, a bhunaigh mé i mí Feabhra na bliana seo, faoi threoir ag Cur Chuige Oideachais Uile EOECNA agus cuimsíonn an Plean Gníomhaíochta seo gach ceann de na naoi gcomhpháirt atá sa Chur Chuige Oideachais Uile. Beidh sé sin mar chabhair lena chinntí go bhfuil *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus go rachaidh sé chun tairbhe dár leanaí agus dár ndaoine óga go léir.

Aithnítear go sonrach sa Phlean Gníomhaíochta seo gur féidir an seans go bhfulaingeoidh duine bulaíocht a nascadh le cine agus eitneacht an duine sin agus le gnéaschlaonadh, riachtanas breise oideachais nó tréith eile an duine agus cuimsítear sa phlean réimse leathan beart chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. Fáiltítear roimhe sin agus tá gá leis.

Is Plean Gníomhaíochta é atá fréamhaithe sa taithí saoil a bhí ag an oiread sin daoine a tháinig tríd an gcóras oideachais agus atá laistigh den chóras sin go fóill. Tugadh faoi chomhairliúchán forleathan le leanaí agus le daoine óga, daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ina measc.

Is mian liom buíochas a ghlacadh le gach duine a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin. Is mór an tógáil croí leibhéal rannpháirtíochta chomh hard sin a fheiceáil. Is mian liom buíochas ar leith a ghlacadh leis an 170 leanbh agus duine óg a ghlac páirt sna fócasghrúpaí. Tá tuairimí agus léargais ár leanaí agus ár ndaoine óga an-tábhachtach dom. Creidim go láidir gurb iadsan is fearr atá ábalta a insint dúinn conas is féidir linn bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi inár scoileanna.

Táim muiníneach go gcuirfidh feidhmiú na mbeart in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* go mór le folláine ár leanaí agus ár ndaoine óga go léir agus táim ag tnúth lena fheidhmiú.

Norma Foley TD
An tAire Oideachais



# Réamhrá ón Ard-Rúnaí Bernie McNally

Is mian liom buíochas a ghlacadh le baill an Choiste Stiúrtha as an díograis agus an tiomantas a léirigh siad agus an Plean Gníomhaíochta seo ar an mBulaíocht á fhorbairt acu. Tá an-chuid oibre curtha i gcrích chun forbairt a dhéanamh ar *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*.

Cuideoidh feidhmiú na mbeart sa Phlean Gníomhaíochta seo leis an Roinn Oideachas an fhís atá aici a bhaint amach; is é sin go mbeadh córas oideachais ann ina mothaíonn na leanaí agus na daoine óga léir go bhfuil meas orthu agus ar córas é ina dtugtar tacaíocht ghníomhach dóibh agus ina gcothaítear iad chun barr a gcumais a bhaint amach.

Soláthraíonn *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* acmhainn uileghabhálach do scoileanna chun tacú le folláine na mball go léir de phobal na scoile agus chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna. Aithníonn an Roinn gur freagracht chomhroinnte de chuid an phobail is ea cur chun cinn na folláine agus bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi.

Tharla mórán athruithe ó foilsíodh Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013. Tá fás leanúnach tagtha ar dhaonra na hÉireann agus an daonra sin ag éirí níos éagsúla le himeacht ama. Tá úsáid na teicneolaíochta agus na meán sóisialta san oideachais, i gcúrsaí siamsaíochta agus sa chaidreamh sóisialta níos coitianta i measc leanaí agus a gcuid teaghlach. Tá saol ar líne agus as líne ár leanaí agus ár ndaoine óga ag éirí níos ceangailte le chéile an t-am ar fad agus tá dúshláin ag baint leis sin nach mór dul i ngleic leo i dtaca le sábháilteacht agus folláine.

Tugadh faoi phróiseas forleathan comhairliúcháin agus forbairt á déanamh ar *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*. Go háirithe, bhain an Plean Gníomhaíochta seo an-leas go deo as tuairimí agus eispéiris an réimse éagsúil leanaí agus daoine óga a ghlac páirt sna fócasghrúpaí.

Creidim go bhfuil ról an-tábhachtach ag ár leanaí agus ag ár ndaoine óga maidir le cúnamh a thabhairt dúinn chun polasaí a fhorbairt ar leibhéal na scoile agus ar an leibhéal náisiúnta. Dá bhrí sin, tacaím go hiomlán leis an mbeart atá in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* maidir le haonad tiomnaithe a bhunú sa Roinn Oideachais chun guth leanaí agus daoine óga a chur chun cinn agus chun cur leis an obair atá déanta cheana féin lena chinntiú go mbeidh ionchur fiúntach acu i bhforbairt pholasaí na Roinne.

Tá sé de fhreagracht ar phobal uile ár scoileanna; ár ndaltaí agus ár scoláirí, tuismitheoirí, foirne scoile agus lucht bainistíochta scoile, bulaíocht i scoileanna a chosc agus dul i ngleic léi. Ní fadhb í ar féidir le daoine aonair í a réiteach astu féin. Cuirtear tús leis an réiteach nuair a léiríonn gach duine againn cineáltas inár ndearcthaí, inár smaointe, inár mbriathra agus inár ngníomhartha ó lá go lá.

Táim ag tnúth le ceannaireacht a ghlacadh ar fheidhmiú iomlán an Phlean Gníomhaíochta seo.

Bernie McNally
Ard-Rúnaí



# Réamhrá ón Dr Noel Purdy, Cathaoirleach an Choiste Stiúrtha

Tá an bhulaíocht mícheart agus is féidir léi saol daoine a scriosadh.  Tá an méid seo á scríobh agam i dtús báire mar mhúinteoir, mar thaighdeoir agus thar aon ní eile mar thuismitheoir, mar mheabhrúchán tábhachtach ar an tromchúis a bhaineann leis an tionchar atá ag iompar bulaíochta.  Tá freagracht chomhchoiteann orainn mar shochaí iompar bulaíochta de gach cineál a chosc agus dul i ngleic leis.  Tagann an dúshlán a cuireadh romhainn ar an leibhéal náisiúnta i *gCárta Tuairisce 7 Innocenti* de chuid CÉINAL chun cuimhne freisin, ina gcuirtear in iúl:

> gurb í an tslat tomhais is fearr ar sheasamh náisiúin ná chomh maith agus thugann sí aire dá cuid leanaí – a sláinte agus a sábháilteacht, a slándáil saolta, a gcuid oideachais agus a sóisialú agus go mbraitheann siad go bhfuil grá ag daoine dóibh, go bhfuil siad meas orthu agus go nglactar leo mar chuid den tsochaí ina dtagann siad ar an saol. (CÉINAL, 2007, lch 1)

Ba phribhléid domsa cathaoirleacht a dhéanamh ar an gCoiste Stiúrtha a cheap an tAire Oideachais, Norma Foley TD, i mí Feabhra 2022 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an *bPlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht, 2013*.  Ba iad seo a leanas na téarmaí tagartha a bhí ag an gCoiste Stiúrtha: athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta agus ar an dul chun cinn faoin bPlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht atá ann faoi láthair (a foilsíodh in 2013); Plean Gníomhaíochta nua a fhorbairt le réimsí tosaíochta nua ar bith ar gá dul i ngleic leo chun cuidiú leis an mbulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna agus; na bearta ar gá tabhairt fúthu chun dul i ngleic leis na réimsí sin a shainaithint.  Bhain baill an choiste stiúrtha leas i gcónaí as an gcuimse taithí agus saineolais atá acu agus iad ag obair go dian dícheallach chun na téarmaí tagartha seo a chomhlíonadh. Táim thar a bheith buíoch díobh go léir.

Le naoi mí anuas, bhaineamar leas, mar Choiste Stiúrtha, as bunús fianaise a bhí chomh fairsing agus ab fhéidir, chun cúnamh a thabhairt lena chinntiú go bhfuil ár bPlean Gníomhaíochta nua fréamhaithe go daingean sa taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta is déanaí. Tugtar comhthéacs dó sin laistigh de pholasaí an oideachais agus na sochaí níos leithne in Éirinn agus é fréamhaithe sa taithí saoil atá ag gach ball de phobal na scoile: leanaí agus daoine óga, foireann teagaisc agus foireann neamhtheagaisc, teaghlaigh agus an tsochaí níos leithne.



Rinneamar breithniú ar an dul chun cinn suntasach atá déanta ó foilsíodh Plean Gníomhaíochta 2013 agus scrúdaíomar go cúramach na moltaí a bhí i dTuarascáil Chuimsitheach an Chomhchoiste Oireachtais *Bulaíocht Scoile agus an Tionchar ar Mheabhairshláinte* in 2021. Sholáthair *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* agus *Cur Chuige Oideachais Uile chun Bulaíocht agus Cibearbhulaíocht a Chosc agus Dul i nGleic léi* de chuid EOECNA comhthéacsanna tábhachtacha polasaí agus chuidigh siad sin le cruth a chur ar *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*.

Is mian linn freisin buíochas a ghlacadh leis na mílte daoine aonair agus eagraíochtaí a chuir lenár gcuid oibre. Le roinnt míonna anuas fuaireamar breis agus 50 cur i láthair ó réimse leathan páirtithe leasmhara agus chuamar i mbun rannpháirtíochta go díreach le múinteoirí, príomhoidí, tuismitheoirí agus leanaí. Bhaineamar leas freisin as torthaí na snáitheanna éagsúla de chomhairliúchán foirmiúil a raibh breis agus 4,600 freagra ar cheistneoir an chomhairliúcháin phoiblí san áireamh ann; 78 aighneacht scríofa sa bhreis ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí páirtithe leasmhara; teagmháil aghaidh ar aghaidh le 170 leanbh agus duine óg, lena n-áirítear leanaí a raibh riachtanais speisialta oideachais acu, leanaí a bhí ag freastal ar an gclár STAR, leanaí ó phobal an Lucht Siúil agus ó phobal na Romach, leanaí ón Úcráin agus dídeanaithe; agus agallaimh fócasghrúpa le 41 ball d'fhoirne scoile agus le baill de bhoird bhainistíochta.

Chuir forbairt *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* deis thábhachtach agus thráthúil ar fáil dúinn go léir chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, machnamh a dhéanamh ar an taighde is déanaí, agus teagmháil fhorleathan a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara go léir (lena n-áirítear leanaí agus daoine óga). Creidim go bhfuil na chéad chéimeanna eile atá riachtanach leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta seo atá tagtha chun cinn agus gur céimeanna iad a cheadóidh dúinn ár bhfreagracht chomhchoiteann a chomhlíonadh i dtaca le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi laistigh de shochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann, ar sochaí í atá ag éirí níos éagsúla.

**An Dr Noel Purdy**
**Stiúrthóir, an tIonad um Thaighde ar Thearcghnóthachtáil Oideachais**
**Coláiste Ollscoile Stranmillis, Béal Feirste**

# Ár bhFís


Safe
Good Support
are chill
is stamped out right at the start

## Ár bhFís

Tá sé mar fhís ag an Roinn Oideachais córas oideachais a sholáthar ina mothaíonn na leanaí agus na daoine óga go léir go bhfuil meas orthu agus ina dtugtar tacaíocht ghníomhach dóibh agus ina gcothaítear iad chun barr a gcumais a bhaint amach.

Tá ról lárnach ag an Roinn Oideachais maidir le folláine leanaí agus daoine óga in Éirinn a chur chun cinn. Soláthraítear treoirphlean i *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* na Roinne Oideachais don fhís atá aici go mbeidh eispéireas leanaí agus daoine óga, fad a bheidh siad sa chóras oideachais ina eispéireas a fheabhsaíonn a bhfolláine, a dhéanann í a chur chun cinn, a léiríonn meas uirthi agus a chothaíonn í.

Bhain *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* leas as *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* agus as Cur Chuige Oideachais Uile Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (EOECNA), chomh maith le taighde agus dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta chun straitéis láidir a fhorbairt ina gcuirtear an scoláire ag croílár phobal na scoile agus ag croílár na forbartha ar straitéis agus ar pholasaí náisiúnta oideachais.

Tá ár bhfís bunaithe ar Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht atá praiticiúil, ionchuimsitheach agus ina bhfuil réimse leathan beart a chuidíonn linn go léir oibriú le chéile i dtreo sochaí Éireannach atá éagsúil, ionchuimsitheach agus saor ó bhulaíocht de gach cineál agus sochaí ina léirítear meas ar éagsúlacht aonair agus ina ndéantar í a cheiliúradh.

Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh[1] i mí Mheán Fómhair 1992. Nuair a rinneamar é sin, thugamar gealltanas go ndéanfaimis cearta leanaí a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh.

Is ceist í an bhulaíocht a bhaineann le cearta leanaí: Cuireann an bhulaíocht as do na cearta seo a leanas de chuid an linbh:

- An ceart chun saoirse nochtaithe tuairime (Airteagal 13)
- An ceart chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin (Airteagal 14)
- An ceart chun saoirse comhlachais agus chun saoirse comhthionóil shíochánta (Airteagal 15)
- An ceart chun príobháideachais (Airteagal 16)
- An ceart chun cosaint a fháil ó gach cineál mí-úsáide agus faillí (Airteagal 19)
- An ceart an caighdeán is airde sláinte is féidir a bheith ar fáil dó nó di (Airteagal 24)
- An ceart chun oideachas a fháil (Airteagal 28)
- An ceart chun a c(h)ultúr, a c(h)reideamh nó a t(h)eanga féin a bheith aige nó aici (Airteagal 30)

Cuideoidh feidhmiú na mbeart atá in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* lenár leanaí agus lenár ndaoine óga fás suas i sochaí ina dtugtar cosaint do na cearta sin. Ina theannta sin, tá an Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht seo ailínithe le Sprioc 4 um Fhorbairt Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe (NA)[2], ar sprioc í atá dírithe ar oideachas ardchaighdeáin atá ionchuimsitheach agus cothrom a sholáthar do gach leanbh agus duine óg agus an méid sin bunúsach chun domhan atá síochánta agus rachmasach a chruthú.

1 Is féidir eolas ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a fháil anseo: https://www.gov.ie/en/publication/a1481d-united-nations-convention-on-the-rights-of-the-child/
2 Is féidir eolas ar Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe a fháil anseo: https://sdgs.un.org/goals

# An cur chuige atá againn chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi



## An cur chuige atá againn chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi

Chuir an Roinn Oideachais píosa suntasach oibre maidir le frithbhulaíocht i gcrích in 2012 agus 2013. Tionóladh fóram frithbhulaíochta i mí na Bealtaine 2012, foilsíodh *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* i mí Eanáir 2013 agus foilsíodh *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* i mí Mheán Fómhair 2013.

Sa *Phlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* 2013 de chuid na Roinne, leagadh amach dhá cheann déag de phríomhbhearta chun cuidiú le bulaíocht a chosc i scoileanna chomh maith le dul i ngleic léi. Bhí an dá cheann déag de phríomhbhearta sa Phlean Gníomhaíochta dírithe ar thacaíocht do scoileanna, oiliúint múinteoirí, taighde agus feasacht a mhúscailt agus bhí sé mar aidhm acu a chinntiú go rachfaí i ngleic le gach cineál bulaíochta, bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht san áireamh. Cuireadh roinnt de na bearta i bhfeidhm go hiomlán agus tá beart leanúnach i gceist le cuid eile acu de bharr a gcineáil agus tá siad faoi réir feidhmiú leanúnach.

Ó 2013 i leith, tá fás leanúnach tagtha ar dhaonra na hÉireann agus an daonra sin níos éagsúla. Mar thoradh air sin, tá níos mó feasachta ar ról comhtháiteach an oideachais sa tsochaí agus mórán scoileanna ag forbairt chun freastal ar bhreis éagsúlachta i measc a gcuid scoláirí. In éineacht leis na hathruithe sin ar an daonra, tá úsáid na teicneolaíochta agus na meán sóisialta éirithe níos coitianta i measc leanaí agus daoine óga agus i measc a gcuid teaghlach. I bhfad sular tháinig paindéim COVID-19 ar an bhfód, bhí sé soiléir go raibh saol ar líne agus as líne leanaí agus daoine óga agus a gcuid teaghlach ag éirí níos ceangailte le himeacht ama agus go gcruthaíonn sé sin dúshláin nua nach mór dul i ngleic leo.

I staidéar de chuid an Rialtais a cuireadh i gcrích le déanaí, fuarthas amach gur thuairiscigh 17% de leanaí idir 9 mbliana agus 17 mbliana d'aois gur fhulaing siad bulaíocht de chineál éigin, ar líne nó as líne, le bliain anuas. Tháinig an líon ab airde de na tuairiscí ó leanaí a bhí idir 13 bliana agus 14 bliana d'aois agus thuairiscigh 22% díobh siúd go ndearnadh bulaíocht orthu le bliain anuas. Ina theannta sin, thug 11% de na leanaí go léir le fios gur fhulaing siad cibearbhulaíocht le 12 mhí anuas agus thuairiscigh leanaí idir 13 bliana agus 14 bliana d'aois na rátaí tarlaithe ab airde. Tugann na sonraí le tuiscint gur mó seans go ndéanfaí bulaíocht ar chailíní agus gur mó seans go mbeadh ceisteanna a bhaineann le sábháilteacht ar líne ag cur as dóibh (An Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht ar Líne (CCNSL), 2021)



D'fhoilsigh Seirbhísí Óige BeLonG To a suirbhé le déanaí ar an Timpeallacht i Scoileanna na hÉireann ina bhfuarthas amach cé go bhfuil dul chun cinn áirithe á dhéanamh againn chun timpeallachtaí atá sábháilte agus tacúil a chur ar fáil do scoláirí leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus aiteacha (LADTA+), go bhfuil an-chuid oibre fós le déanamh ag gach ball dár bpobal scoile. Tá dúshláin le sárú ag scoláirí LADTA+ go fóill, lena n-áirítear; a bheith ag caitheamh leo ar bhealach diúltach, focail fhomafóbacha a chloisteáil ó bhaill de phobal na scoile, imní maidir le coinneáil agus críochnú scoile agus spásanna nach bhfuil sábháilte laistigh de scoileanna (Seirbhísí Óige BeLonG To 2022). As 1,208 scoláire LADTA+ a chuir an suirbhé i gcrích, léirigh 76% díobh "nach mothaíonn siad sábháilte ar scoil".

Léiríonn taighde in Éirinn agus taighde idirnáisiúnta gurb í an chuma fhisiciúil an chúis is coitianta a bhíonn le bulaíocht a dhéanamh ar dhuine agus gurb iad cine, náisiúntacht agus dath craicinn an dara cúis is coitianta. Fuarthas amach freisin gur mó an seans go ndéanfar bulaíocht ar leanaí a thagann ó theaghlaigh bhochta, ar imircigh agus orthu siúd atá neamh-chomhréireach ó thaobh inscne de (EOECNA, 2019). Ní i gcónaí atá na tosca sin éanasctha, mar gur minic a bhíonn tionchar ag tosca trasnacha agus in-eitneacha ar an mbealach a mbraitear bulaíocht (Kuldas, Foody, O'Higgins Norman, 2022).

Lena chinntiú go raibh tuiscint níos fearr ar an mbulaíocht agus ar an gcibearbhulaíocht mar bhonn lenár bhfreagairt do na dúshláin sin, in 2014, mhaoinigh an Roinn Oideachais Ionad Náisiúnta Taighde Frithbhulaíochta agus in 2018 thacaigh an Roinn le bunú na chéad Ollúnachta de chuid EOECNA um Bulaíocht agus Chibeabhulaíocht in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

I bhfianaise an chomhthéacs shóisialta agus theicneolaíoch ina bhfásann daoine óga suas sa lá atá inniu ann agus an comhthéacs sin ag athrú, leag an Roinn béim ar an tosaíocht a thugann sí do chur chun cinn na folláine i scoileanna agus ar an tábhacht a leagann sí air nuair a d'fhoilsigh sí an *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019*. Lárnach sa pholasaí tá cur chun cinn na folláine a bheith ag croílár éiteas gach scoile in Éirinn.



I mí Feabhra na bliana seo, bhunaigh an tAire Oideachais, Norma Foley TD, Coiste Stiúrtha[3] chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht, 2013.

Ba iad seo a leanas na téarmaí tagartha don Choiste Stiúrtha:

> athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta agus ar dhul chun cinn faoin bPlean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht atá ann faoi láthair (a foilsíodh in 2013).
> Plean Gníomhaíochta nua a fhorbairt le réimsí tosaíochta nua ar bith ar gá dul i ngleic leo chun cuidiú leis an mbulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna
> na bearta is gá a dhéanamh chun dul i ngleic leis na réimsí sin a shainaithint


Nuair a bhí an t-athbhreithniú sin á dhéanamh, chuir an Coiste Stiúrtha na forbairtí suntasacha atá tarlaithe agus an taighde ábhartha atá déanta ó foilsíodh an plean gníomhaíochta in 2013 san áireamh. Rinne an Coiste Stiúrtha breithniú sonrach ar chibearbhulaíocht, ar bhulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht agus ar chiapadh gnéasach i measc réimsí eile. Rinne an Coiste Stiúrtha breithniú mionsonraithe freisin ar na moltaí atá i dTuarascáil an Chomhchoiste Oireachtais ar *Bhulaíocht ar Scoil agus an Tionchar* ar *an Meabhairshláinte* a foilsíodh i mí Lúnasa 2021.

Soláthraíonn *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019* creat uileghabhálach do scoileanna chun tacú le cur chuige cuimsitheach maidir le tacú le folláine na mball go léir de phobal na scoile agus chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. Aithníonn an Roinn go maireann scoileanna laistigh de chóras níos leithne agus leagann sí béim ar an tábhacht a bhaineann le hidircheangailteacht na scoile leis an bpobal i gcoitinne ina cur chuige maidir le folláine agus go háirithe maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna. Déantar ceithre cinn de príomhréimsí a shainaithint sa Pholasaí Folláine chun folláine a chur chun cinn: Cultúr agus Timpeallacht, Curaclam (Teagasc agus Foghlaim), Polasaí agus Pleanáil agus Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí.

Go hidirnáisiúnta, tá naoi gcinn de chomhpháirteanna i gCur Chuige Oideachais Uile EOECNA chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi agus is féidir leo cabhrú chun bulaíocht agus cibearbhulaíocht a laghdú go héifeachtach (EOECNA, 2020). Soláthraíonn an Cur Chuige Oideachais Uile seo creat comhtháiteach agus iomlánaíoch chun treoir a thabhairt do lucht déanta polasaí leis na príomh-chomhpháirteanna agus na príomhthréithe a bhaineann le cur chuige forleathan maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi (Fíor 1).


[3] Tá ballraíocht an Choiste Stiúrtha in Aguisín 1.

## Comhdháil Idirnáisiúnta ar Bhulaíocht Scoile, 2021




Fíor 1. Cur Chuige Oideachais Uile chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. Rinneadh na naoi gcinn de phríomh-chomhpháirteanna a shainaithint le bheith mar chuid de chur chuige oideachais uile ar féidir leis a bheith mar chabhair chun bulaíocht agus cibearbhulaíocht a laghdú. Athfhoilsithe le cead ó EOECNA.

Foinse: EOECNA agus Ministère de l'éducation nationale, de la jeunesse et des sports (An Fhrainc), 2020, lch 3) / cóipcheart dearaidh: Creidiúintí Deilbhíní EOECNA: Alx1618/Shutterstock.com; mamanamsai/Shutterstock.com; VoodooDot/Shutterstock.com; Sviatlana Sheina/Shutterstock.com; D Line/Shutterstock.com; kosmofish Pavlo S/Shutterstock.com



Agus an méid atá thuas á chur san áireamh, forbraíodh *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* tríd an dearcadh atá sna ceithre cinn de phríomhréimsí an *Ráitis Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2019*. Tá sé fréamhaithe sa taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta trí Chur Chuige Oideachais Uile EOECNA agus bonn eolais á chur faoi ag comhairliúchán agus rannpháirtíocht mheáite agus fhorleathan le baill dár bpobal oideachais agus leis an tsochaí i gcoitinne.

Mar thoradh ar an bpróiseas fairsing comhairleach sin, tháinig téamaí seasmhacha chun cinn agus úsáideadh iad sin chun na bearta atá sa Phlean Gníomhaíochta seo a fhorbairt. Tarraingíonn na bearta forleathana sin aird ar an gcastacht a bhaineann le ceist na bulaíochta agus conas í a chosc agus dul i ngleic léi.

Tá *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* fréamhaithe sna ceithre phríomhphrionsabal seo a leanas:

> Cosc: Trí chomhbhá a ghiniúint agus oiliúint a chur ar fáil a sholáthraíonn bunchloch don eolas, don mheas, don chomhionannas agus don ionchuimsitheacht
> Tacaíocht: Tacaíochtaí inbhraite agus spriocdhírithe atá bunaithe ar chontanam riachtanas agus a sholáthraíonn creat do phobail scoile chun oibriú le chéile
> Maoirseacht: Cruthaíonn ceannaireacht shofheicthe timpeallachtaí dearfacha do leanaí agus do dhaoine óga agus do gach ball dár bpobal scoile
> Pobal: Pobail scoile ionchuimsitheacha a thógáil atá nasctha leis an tsochaí agus a thacaíonn le caidreamh agus comhpháirtíochtaí dearfacha agus a chothaíonn iad

Trí fheidhmiú *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*, is féidir linn go léir oibriú le chéile i dtreo sochaí Éireannach atá éagsúil, ionchuimsitheach agus saor ó bhulaíocht de gach cineál, ar sochaí í ina bhfuil meas ar an éagsúlacht aonair agus ina ndéantar í a chothú agus a cheiliúradh agus inar féidir lenár leanaí agus lenár ndaoine óga go léir mothú sona agus sábháilte inár scoileanna.

# Guthanna ónár bpobal scoile



## Guthanna ónár bpobal scoile

Thug an Roinn Oideachais faoi phróiseas forleathan comhairliúcháin lena chinntiú go mbeadh tuairimí an oiread páirtithe leasmhara agus ab fhéidir curtha san áireamh nuair a bhí *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* á fhorbairt.

> Cuireadh breis agus 50 cur i láthair faoi bhráid an Choiste Stiúrtha
> Fuarthas breis agus 4,600 freagra ar cheistneoir an chomhairliúcháin phoiblí
> Fuarthas 78 aighneacht i scríbhinn mar fhreagairt don iarratas poiblí ar aighneachtaí
> Ghlac 41 ball d'fhoirne scoile agus de bhoird bhainistíochta páirt i bhfócasghrúpaí scoile
> Chuathas i gcomhairle le 170 leanbh agus duine óg ó chúlraí éagsúla, lena n-áirítear leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, leanaí de chuid an Lucht Siúil agus na Romach, leanaí ón Úcráin agus dídeanaithe

I measc na dtéamaí a tháinig chun cinn tá siad seo a leanas:

## Cultúr agus Timpeallacht

> An tábhacht a bhaineann le pobal scoile atá fáilteach agus ina bhfuil cultúr ina gcuirtear ionchuimsitheacht, comhionannas, meas agus éagsúlacht chun cinn agus nach nglacann beag ná mór leis an mbulaíocht
> An ról lárnach atá ag ceannairí scoile i dtaca le cruthú an chultúir sin
> Rochtain ar áiteanna sábháilte laistigh den scoil agus an gá atá le breithniú a dhéanamh ar dhearadh scoileanna do spásanna laistigh agus lasmuigh lena chinntiú go ndéantar laghdú ar an mbaol go bhféadfadh bulaíocht tarlú
> Béim níos mó ar chultúr scoile agus ar fholláine scoláirí le linn cigireachtaí scoile
> Tacaíochtaí ar fáil do scoláirí agus do bhaill foirne, nuair atá gá leo
> An tábhacht a bhaineann le hiarracht a dhéanamh bulaíocht a chosc in ionad freagairt di
> Feasacht a mhúscailt maidir leis an mbealach chun dul i ngleic leis an mbulaíocht agus le tionchar na bulaíochta i measc na mball uile den phobal scoile.



## Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)

- Curaclam ionchuimsitheach, lena n-áirítear oideachas maidir le héagsúlacht agus meas ar chultúir eile, frithchiníochas agus breis feasachta ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach do phobal uile na scoile
- Díriú níos mó ar ionchuimsitheacht, comhionannas agus éagsúlacht le linn oiliúint tosaigh múinteoirí, oiliúint múinteoirí nuacháilithe agus forbairt ghairmiúil leanúnach
- Forbairt ar scileanna múinteoirí chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi
- An tábhacht a bhaineann le cláir frithbhulaíochta atá fianaisebhunaithe, aoisoiriúnach agus ábhartha ó thaobh cultúir de amhail FUSE
- Leabhair agus ceachtanna a threisíonn teachtaireacht na hionchuimsitheachta agus an chomhionannais agus a léiríonn an tsochaí agus í ag athrú
- Cáilíocht shonrach san oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (osps) a fhorbairt do mhúinteoirí iar-bhunscoile

## Polasaí agus Pleanáil

- An tábhacht a bhaineann le cuir chuige ionchuimsitheacha maidir le forbairt polasaí scoile, ina mbeidh leanaí agus daoine óga páirteach go fónta
- Folláine phobal uile na scoile ag croílár polasaithe agus pleananna
- Forbairt a dhéanamh ar réimse de chuir chuige éifeachtacha laistigh de scoileanna chun tuairisciú sábháilte ar iompar bulaíochta a chumasú, lena n-áirítear anaithnideacht sa tuairisciú
- An gá atá le gach eachtra bhulaíochta líomhnaithe a thuairisciú, lena n-áirítear sonraí faoin gcineál iompair bulaíochta agus an cur chuige maidir le dul i ngleic leis
- An tábhacht a bhaineann le hoiliúint a bheith ar fhoireann na scoile chun réimse de fhreagairtí cuí d'iompar bulaíochta líomhnaithe a chur i bhfeidhm
- An gá atá le sonraí imdhealaithe ar an mbulaíocht a bhailiú i scoileanna chun bonn eolais a chur faoi pholasaí sa todhchaí, agus chun forbairt ghairmiúil leanúnach a threorú
- An tábhacht a bhaineann le hathbhreithniú rialta ar pholasaithe na scoile
- An tábhacht a bhaineann leis na róil atá ag na baill go léir de phobal na scoile agus na freagrachtaí atá orthu a bheith leagtha amach go soiléir i bpolasaithe na scoile, iad a bheith ar fáil go héasca agus a chinntiú freisin go gcuirtear faisnéis i láthair i dteanga atá aoisoiriúnach agus sothuigthe do leanaí
- An fiúntas a bhaineann le próiseas na Féinmheastóireachta Scoile i dtaca le folláine a chur chun cinn
- An tábhacht a bhaineann le Coimisinéir um Shábháilteacht ar Líne, ar féidir leis nó léi gearáin aonair a bhreithniú



## Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí

> An tábhacht a bhaineann le caidreamh dearfach ar fud phobal uile na scoile chun comhbhá, tuiscint agus meas a chur chun cinn agus feasacht ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach a mhúscailt
> An tábhacht a bhaineann le foireann uile na scoile a bheith ag coinneáil 'súil ghéar' ar na leanaí agus ar na daoine óga atá faoina gcúram agus go mbeadh foireann uile na scoile muiníneach as a gcuid eolais ar an dea-chleachtas maidir leis an mbealach chun dul i ngleic le hiompar bulaíochta
> An tábhacht a bhaineann le duine fásta iontaofa maidir le heachtraí bulaíochta a nochtadh
> Rannpháirtíocht fhónta leanaí agus daoine óga
> An tábhacht a bhaineann le bheith rannpháirteach le tuismitheoirí mar aitheantas don ról lárnach atá acu maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi
> Na buntáistí a bhaineann le breis éagsúlachta a spreagadh sa rannpháirtíocht ar fud phobal uile na scoile, lena n-áirítear comhairlí na scoláirí agus foireann na scoile.
> An fhéidearthacht go mbeadh ról ag meantóirí scoláirí maidir le bulaíocht a chosc i scoileanna
> An ról fiúntach atá le glacadh ag Foirne Tacaíochta do Scoláirí



## I bhfocail ár leanaí agus ár ndaoine óga mar a scríobhadh iad ar na laethanta comhairliúcháin:

> *"Labhair faoi thionchair na bulaíochta"*
> *"Duine fásta ar féidir leis/léi labhairt leat faoi rud ar bith"*
> *"Breis múinteoirí sa chlós"*
> *"Machnamh gach lá chun gach duine a shocrú síos"*
> *"Breis cumhachta ag comhairle na scoláirí"*
> *"Úsáid a bhaint as eachtraí bulaíochta roimhe seo/fianaisí uathu siúd a raibh tionchar ag na heachtraí sin orthu mar threoir chun bulaíocht a aithint. É sin a bheith scríofa isteach sa pholasaí"*
> *"Leanaí ó gach rang a bheith ag déanamh cur i láthair do leanaí eile faoin bpolasaí - bheifeá ag éisteacht níos cúramaí"*
> *"Breis ceardlann oideachais do scoláirí ach do dhaoine fásta freisin – foghlaim faoi gach ábhar ach faoi chiníochas freisin"*
> *"Oiliúint do scoláirí maidir le cad ba cheart a dhéanamh má tá bulaíocht á déanamh orthu féin nó ar a gcairde agus cén duine sa scoil ar féidir leo dul chuige/chuici"*
> *"Oiliúint do mhúinteoirí chun cabhrú leo bulaíocht a aithint mar uaireanta ní bhíonn an té atá ag fulaingt na bulaíochta compordach ag teacht chun cinn"*



# Cad is iompar bulaíochta ann?

**Sainmhíniú ar iompar bulaíochta**

**Iompar spriocdhírithe a dhéanann dochar, ar líne nó as líne, is ea bulaíocht. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompar bulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt daoine nó grúpaí daoine sa tsochaí.**



## Cad is iompar bulaíochta ann?

Mar thoradh ar bhlianta fada de thaighde idirnáisiúnta, leagtar amach sa sainmhíniú bunúsach thuas critéir shoiléire chun cabhrú le pobail scoile bulaíocht i measc leanaí agus daoine óga a chosc, a aithint i gceart agus dul i ngleic léi. Mar sin féin, is minic a bhíonn eachtraí bulaíochta líomhnaithe casta agus ní mór iad a bhreithniú cás ar chás.

Tá mórán bealaí éagsúla ina léirítear iompar bulaíochta agus ina measc sin tá bulaíocht fhisiciúil, bulaíocht ó bhéal agus bulaíocht a bhaineann le caidreamh agus is féidir leis tarlú ar líne nó as líne. Is iomaí cuspóir ar leith a bhíonn le hiompar bulaíochta freisin agus is féidir iad sin a thuiscint ar an leibhéal aonair (mar shampla ag iarraidh a bheith ceannasach, stádas, díoltas) agus/nó ar leibhéal na sochaí (mar shampla bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht amhail bulaíocht chiníoch, míchumais, ghnéasaíoch nó LADTA+). Is minic a bhíonn tionchar láidir ag meonta, iompar, gnásanna agus dinimic chumhachta atá fréamhaithe go domhain inár sochaí ar iompar bulaíochta i scoileanna.

Déantar cur síos breise ar phríomhghnéithe an tsainmhínithe thíos:

### A. Iompar spriocdhírithe

Iompar a léirítear d'aon ghnó, nach n-iarrtar agus a dhéanann dochar do dhaoine eile is ea bulaíocht, agus nuair is eol don leanbh nó don duine óg a bhfuil an t-iompar bulaíochta á léiriú aige nó aici go bhféachann nó go bhféachfaidh an leanbh nó an duine óg a fhulaingíonn an t-iompar ar an iompar sin mar iompar díobhálach. Ní iompar timpisteach ná meargánta atá sa bhulaíocht. D'fhéadfadh sé gur dochar fisiciúil a bheadh i gceist (mar shampla díobháil phearsanta, damáiste do mhaoin nó cailleadh maoine) dochar sóisialta (mar shampla cúlú, uaigneas, eisiamh) agus/nó dochar mothúchánach (mar shampla lagmheas, dúlagar, imní) agus d'fhéadfadh sé tionchar diúltach atá tromchúiseach agus fadtéarmach a bheith aige ar an leanbh nó ar an duine óg a fhulaingíonn an t-iompar bulaíochta. Má cheapann an leanbh nó an duine óg atá ag fulaingt an iompair go bhfuil an dochar leantach fíor ach nach bhfuil sé ar intinn ag an leanbh nó ag an duine óg eile dochar a dhéanamh, ní hionann é sin agus bulaíocht ach tá sé tábhachtach fós féin go rachfaí i ngleic leis faoi chód iompair na scoile.

### B. Iompar leantach

Patrún iompair atá córasach agus a leantar ar aghaidh leis thar thréimhse ama is ea bulaíocht. Ní mheastar gurb ionann eachtraí aonair as líne ina léirítear iompar diúltach d'aon ghnó agus a bhfuil neamhchothroime cumhachta i gceist leo agus bulaíocht, ach fós féin ní mór dul i ngleic leo sin faoi chód iompair na scoile. D'fhéadfadh sé, mar sin féin, go measfaí gurb ionann agus bulaíocht teachtaireacht/íomhá/físeán aonair a phostáil ar líne nuair is ródhócha go ndéanfar a leithéid a athphostáil nó a roinnt le daoine eile.

### C.Neamhchothroime cumhachta

In eachtraí bulaíochta, bíonn sé deacair ar an leanbh nó ar an duine óg atá ag fulaingt an iompair bulaíochta é féin nó í féin a chosaint de bhrí go bhfuil mí-úsáid á baint as neamhchothroime cumhachta, bíodh an neamhchothroime cumhachta sin fíor nó braite. D'fhéadfadh an neamhchothroime cumhachta sin é féin a léiriú trí dhifríochtaí a bhaineann le méid, neart, aois, cumas, cumhacht an phiarghrúpa, stádas eacnamaíochta, stádas sóisialta, reiligiún, cine, bunús eitneach lena n-áirítear a bheith mar bhall de phobal an Lucht Siúil agus/nó de phobal na Romach, gnéaschlaonadh, cúinsí teaghlaigh, inscne, féiniúlacht inscne, léiriú inscne, taithí ar an gcóras cúraim, míchumas nó a bheith ag fáil oideachas speisialta. In eachtraí a bhaineann le bulaíocht ar líne (nó cibearbhulaíocht) d'fhéadfadh sé go mbainfeadh an neamhchothroime cumhachta le hanaithnideacht ar líne, inniúlacht theicniúil agus seilbh ar fhaisnéis/íomhánna/fhíseáin, agus nach bhfuil an duine ar a bhfuil an t-iompar dírithe ábalta ábhar maslach ar líne a bhaint nó éalú ón mbulaíocht.

# Treochlár na Roinne Oideachais chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi



## TACAÍOCHT

Soláthraíonn tacaíochtaí inbhraite agus spriocdhírithe creat do phobail scoile chun oibriú le chéile



## COSC

Is iad oideachas agus giniúint na comhbhá na bunchlocha don eolas, don mheas agus don ionchuimsitheacht

## PRÍOMHRÉIMSÍ NA FOLLÁINE

Cultúr agus Timpeallacht

Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)

Polasaí agus Pleanáil

Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí






**POBAL**

Le pobail scoile ionchuimsitheacha atá nasctha forbraítear caidreamh agus comhpháirtíochtaí dearfacha

**MAOIRSEACHT**

Spreagann ceannaireacht shofheicthe timpeallachtaí dearfacha do leanaí agus don phobal scoile

Labhair faoi thionchair na bulaíochta

Breis múinteoirí sa chlós

Duine fásta ar féidir leis/léi labhairt leat faoi rud ar bith

Machnamh gach lá chun gach duine a shocrú síos

Breis ceardlann oideachais do scoláirí ach do dhaoine fásta freisin – foghlaim faoi gach ábhar ach faoi chiníochas freisin

# Na príomhbhearta chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi

Úsáid a bhaint as eachtraí bulaíochta roimhe seo/fianaisí uathu siúd a raibh tionchar ag na heachtraí sin orthu mar threoir chun bulaíocht a aithint. É sin a bheith scríofa isteach sa pholasaí

Oiliúint do scoláirí maidir le cad ba cheart a dhéanamh má tá bulaíocht á déanamh orthu féin nó ar a gcairde agus cén duine sa scoil ar féidir leo dul chuige/chuici

Leanaí ó gach rang a bheith ag déanamh cur i láthair do leanaí eile faoin bpolasaí - bheifeá ag éisteacht níos cúramaí

Oiliúint do mhúinteoirí chun cabhrú leo bulaíocht a aithint mar uaireanta ní bhíonn an té atá ag fulaingt na bulaíochta compordach ag teacht chun cinn

# 1 | Cultúr agus Timpeallacht



Má chruthaítear cultúr agus timpeallacht scoile atá dearfach agus ionchuimsitheach soláthraítear spás ina mothaíonn leanaí, daoine óga agus an fhoireann muintearas agus go bhfuil siad sábháilte, ceangailte agus go bhfuil tacaíocht á fáil acu.



# Cultúr agus Timpeallacht

### Dearbhú maidir le Cultúr agus Luachanna na Scoile

Beidh ar scoileanna Dearbhú maidir le Cultúr agus Luachanna na Scoile a sholáthar, ar dearbhú é atá inrochtana, Cairt Chineáltais ina dtugtar breac-chuntas ar chultúr agus ar luachanna na scoile agus ar an mbealach ar féidir leo a bheith mar chabhair chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi, ar bhealach aoisoiriúnach. Beidh, mar shampla, an bhéim a leagann an scoil ar fháilte, ionchuimsitheacht agus folláine san áireamh sa Dearbhú. Cuirfidh an Roinn Oideachais treoir ar fáil do scoileanna maidir le forbairt agus feidhmiú an dearbhaithe sin ina mbeidh ionchur ag pobal uile na scoile.

Déanfaidh an Roinn Oideachais forbairt ar phróiseas aitheantais, amhail brat Cineáltais, do scoileanna a thugann faoi bhearta chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi.

### Foirne Tacaíochta do Scoláirí

Beidh ar gach iar-bhunscoil Foirne Tacaíochta do Scoláirí a bheith acu mar chuid de phróiseas na scoile chun folláine a chur chun cinn. Beidh bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi san áireamh sa chúram a leagfar orthu.

Spreagfar Foirne Tacaíochta do Scoláirí chun leas a bhaint as forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) chun tacú lena gcleachtas éifeachtach maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi.

Cuirfidh an Roinn Oideachais treoir shonrach ar fáil do scoileanna faoin mbealach a ndéanfaidh Foirne Tacaíochta do Scoláirí guth agus rannpháirtíocht leanaí, daoine óga agus a dtuismitheoirí a lorg go gníomhach.

Déanfaidh an Roinn Oideachais treoir a fhorbairt chun samhail den Fhoireann Tacaíochta do Scoláirí a bhunú i mbunscoileanna móra.

### Ról Ainmnithe

Tacóidh an Roinn Oideachais le scoileanna chun ról duine ainmnithe a shannadh

chun folláine a chur chun cinn agus go háirithe, chun ceannaireacht a thabhairt maidir le bearta chun bulaíocht a chosc agus aghaidh a thabhairt uirthi i scoileanna mar chuid d’fhoireann ceannaireachta na scoile i gcomhréir leis na ciorcláin chuí ón Roinn do shealbhóirí poist.

### Féinmheastóireacht Scoile

Tacóidh an Roinn Oideachais le scoileanna chun páirt a ghlacadh i gcur chuige na féinmheastóireachta scoile maidir le folláine a chur chun cinn, lena n-áirítear bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi, i gcomhréir le *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* na Roinne.

Spreagfaidh an Roinn Oideachais gach scoil chun leas a bhaint as FGL na Folláine de chuid na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), chun tacú leo agus iad ag tabhairt faoin gcur chuige scoile uile maidir le cur chun cinn na folláine mar atá léirithe i *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* na Roinne.

### Cigireachtaí

Beidh measúnú ar phríomhghnéithe na nósanna imeachta frithbhulaíochta do scoileanna san áireamh i meastóireachtaí scoile uile, lena n-áirítear a mheas cé acu an bhfuil nó nach bhfuil tionscnaimh chuí i bhfeidhm ag an scoil chun cultúr scoile atá dearfach agus ionchuimsitheach a chur chun cinn. Beidh an Chigireacht i dteagmháil ar bhonn leanúnach le scoileanna ina dtagann fadhbanna maidir le neamhchomhlíonadh chun cinn nó go mbeidh an scoil comhlíontach.

Ullmhóidh Cigireacht na Roinne tuarascáil bhliantúil ar thuairimí leanaí, daoine óga agus tuismitheoirí maidir leis an mbealach a gcuireann a scoil féin cosc ar bhulaíocht agus a dtéann sí i ngleic léi, agus úsáid á baint as sonraí ó shuirbhéanna agus ó fhócasghrúpaí ina mbeidh samplaí den dea-chleachtas agus réimsí ina bhféadfadh sé gur ghá do scoileanna díriú níos mó orthu san áireamh.

Déanfaidh an Roinn Oideachais plean a fhorbairt chun tacú le *Ráiteas Polasaí Folláine*

*agus Creat Cleachtais* na Roinne a chur chun cinn, a fheidhmiú agus a mheas agus mar chuid de sin díreofar ar chultúr scoile agus ar bhulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi.

### Foirgnimh Scoile

Cinnteoidh an Roinn Oideachais go mbeidh bearta a íoslaghdaíonn an fhéidearthacht i gcomhair bulaíochta san áireamh sna treoirlínte do dhearadh foirgneamh scoile, agus béim ar leith ar fhorbairt a dhéanamh ar spásanna don fhoghlaim chomhroinnte agus chomhoibríoch agus don chaitheamh aimsire.

### Múscailt Feasachta

Oibreoidh an Roinn Oideachais i gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun aird a dhíriú ar an ról tábhachtach atá ag foirne scoile agus ar an bhfreagracht atá orthu maidir le hiompar a léiriú atá bunaithe ar na luachanna eiticiúla a bhaineann le meas, ionracas, cúram agus iontaoibh mar atá leagtha amach sa *Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí*.

Leanfaidh an Roinn Oideachais de bheith ag tacú le hobair Webwise agus méadóidh sí an fheasacht ar an réimse acmhainní a sholáthraíonn sé mar an Lárionad Éireannach um Fheasacht Sábháilteacht idirlín.

Leanfaidh an Roinn Oideachais de bheith ag tacú leis an bhFeachtas Feasachta Seas Suas.

Oibreoidh an Roinn Oideachais le grúpaí ábhartha chun clár ilghnéitheach de thionscnaimh múscailte feasachta a fhorbairt chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna, lena n-áirítear feasacht a mhúscailt i dtaca le cineálacha éagsúla bulaíochta (mar shampla bulaíocht ar líne, bulaíocht chiníoch, bulaíocht mhíchumais) agus aird á tarraingt ar an ról tábhachtach atá ag breathnóirí.



# 2 | Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)

Soláthraíonn curaclam atá ionchuimsitheach agus tacúil dár leanaí agus dár ndaoine óga, ina bhfuil oiliúint agus forbairt d'fhoireann uile na scoile, tacaíocht sheasmhach agus deiseanna don fhoghlaim chuimsitheach agus do chothú comhbhá.



# Curaclam (Teagasc agus Foghlaim)

### Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM)

Rachaidh an Roinn Oideachais i mbun rannpháirtíochta leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus leis na hInstitiúidí Ardoideachais (IAOanna) d'Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM) lena chinntiú go dtacaíonn na Caighdeáin leasaithe um Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (Céim) le béim as an nua a chur ar na scileanna riachtanacha a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint chun go mbeidh ar a gcumas bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic go héifeachtach leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn. Oibreoidh an Roinn Oideachais i gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus leis na hInstitiúidí Ardoideachais chun athruithe a chur i bhfeidhm de réir mar is gá.

### Ráiteas Polasaí ar OTM

Cinnteoidh an Roinn Oideachais go mbeidh bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic go héifeachtach leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn san áireamh i bhfeidhmiú na mbeart ábhartha faoina Ráiteas Polasaí ar OTM.

### Tacaíocht do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNC)

Déanfaidh an Roinn Oideachais athbhreithniú ar na hacmhainní atá ar fáil do MNC faoi láthair agus déanfaidh sí forbairt ar aon acmhainní breise atá cothrom le dáta agus atá de dhíth chun tacú le foghlaim MNC i réimsí amhail bearta chun bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn. Oibreoidh an Roinn Oideachais chun dul i ngleic le riachtanais ar bith a aithnítear.

### Ceannairí Scoile

Déanfaidh an Roinn Oideachais athbhreithniú ar na cláir cheannaireachta atá aici faoi láthair agus leanfaidh sí ar aghaidh ag cinntiú go gcuimsíonn na cláir sin ábhar atá cothrom le dáta maidir le bearta chun bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn. Oibreoidh an Roinn chun dul i ngleic le riachtanais ar bith a aithnítear.

### Dioplóma Iarchéime san Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)

Leanfaidh an Roinn Oideachais ag déanamh feidhmiú céimneach ar cháilíocht iarchéime do mhúinteoirí OSPS in iar-bhunscoileanna agus á leathnú chun cabhrú le múinteoirí an t-eolas ar ábhar, an mhuinín agus na scileanna a fháil chun OSPS agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) a phleanáil agus a sholáthar agus chun foghlaim scoláirí a bhaineann le gach gné den tsonraíocht a éascú, lena n-áirítear bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi.

### Oiliúint d'Fhoireann na Scoile

Cinnteoidh an Roinn Oideachais go mbeidh rochtain ag foireann uile na scoile ar oiliúint atá cothrom le dáta maidir le bearta chun bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn.

Leanfaidh an Roinn Oideachais de bheith ag feidhmiú FGL ar bhonn céimneach, chun tacú le feidhmiú an *Ráitis Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais* i ngach scoil faoin mbliain 2025.

Spreagfaidh an Roinn Oideachais foirne teagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna chun leas a bhaint as na cúrsaí nua ar líne ón Roinn Oideachais ar ábhar na bulaíochta ar líne (cibearbhulaíocht) chun an t-eolas, na hacmhainní agus an mhuinín atá riachtanach a sholáthar d'fhoirne scoile ionas go mbeidh ar a gcumas teagasc faoi chibearbhulaíocht agus chomh maith leis sin dul i ngleic le heachtraí cibearbhulaíochta de réir mar a thagann siad chun cinn.

### Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta

Déanfaidh an Roinn Oideachais an oiliúint frithbhulaíochta do Bhoird Bhainistíochta a uasdátú chun tacú leis an ról maoirseachta atá acu i dtaca le bulaíocht agus chun tacú leo maidir le dul i ngleic le himní tuismitheoirí i dtaca le hiompar bulaíochta líomhnaithe.

### Oiliúint do Thuismitheoirí

Cinnteoidh an Roinn Oideachais go bhfuil oiliúint atá cothrom le dáta agus inrochtana ar fáil do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí chun eolas agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir le dul i ngleic le bulaíocht, go háirithe i gcás bulaíocht ar líne (cibearbhulaíocht) agus a leanaí a choinneáil sábháilte ar líne.

### Curaclam OSPS/OCG

Déanfar athbhreithniú ar churaclam OSPS/OCG ar fud bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus déanfar é a uasdátú lena chinntiú go gcuimsíonn sé, ar bhealach aoisoiriúnach, réimsí a bhaineann le toiliú; léiriú gnéasach agus caidreamh atá sláintiúil agus dearfach; an t-idirlíon agus na meáin shóisialta a úsáid ar bhealach sábháilte agus a thionchar ar chaidreamh agus féinmheas; agus féiniúlachtaí LADTA+.

Cuimseoidh an clár OSPS uasdátaithe don tSraith Shóisearach ábhar maidir le cairdeas a stiúradh ar líne, lena n-áirítear conas bulaíocht ar líne a aithint agus conas freagairt di.

### Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile

Tacóidh an t-athbhreithniú agus an athfhorbairt ar churaclam na bunscoile le foghlaim atá oiriúnach ó thaobh aoise agus céime de i ngach gné den churaclam, lena n-áirítear bulaíocht agus ciníochas a chosc agus dul i ngleic leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn, sábháilteacht ar líne san áireamh. Déanfar am curaclaim atá dóthanach a sholáthar dó sin.

### Cultúr agus Stair an Lucht Siúil

Cuirfidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) a gcuid oibre chun cinn i dtaca le teagasc agus foghlaim faoi Chultúr agus Stair an Lucht Siúil laistigh den churaclam.

### Oideachas Idirchultúrtha

Déanfaidh an CNCM athbhreithniú agus uasdátú ar na Treoirlínte Idirchultúrtha do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna chun an t-oideachas idirchultúrtha a chomhtháthú tuilleadh sa churaclam.

### Litríocht, téacsleabhair agus Achmhainní Teagaisc eile

Cinnteoidh an CNCM go mbeidh litríocht a thugann léiriú dearfach ar éagsúlacht na sochaí agus a chuireann comhionannas agus ionchuimsitheacht chun cinn san áireamh sna liostaí téacsanna óna roghnaíonn iar-bhunscoileanna téacsanna chun tacú le teagasc agus foghlaim.

Rachaidh an CNCM, thar ceann na Roinne, i mbun rannpháirtíochta le foilsitheoirí téacleabhar scoile chun an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go léiríonn an t-ábhar ina gcuid téacsleabhar éagsúlacht na sochaí agus go gcuireann sé comhionannas agus ionchuimsitheacht chun cinn.

### Clár Frithbhulaíochta

Oibreoidh an Roinn Oideachais le hIonad Frithbhulaíochta Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) chun a shocrú go mbeidh fáil níos forleithne ar an gclár frithbhulaíochta agus sábháilteachta ar líne FUSE agus go ndéanfar é a chur chun cinn i scoileanna. Leanfaidh Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC de bheith ag uasdátú an chláir bunaithe ar thaighde agus ar aiseolas.

Déanfaidh an Roinn Oideachais forbairt ar mhodúil eile den chlár frithbhulaíochta agus sábháilteachta ar líne FUSE a mhaoiniú do gach bliain san iar-bhunscoil agus do na blianta cuí sa bhunscoil.

Nuair a bheidh a n-obair frithbhulaíochta á forbairt acu, beidh sé riachtanach go gcloífidh scoileanna leis an treoir dea-chleachtais do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna maidir le cláir agus/nó éascaitheoirí seachtracha a úsáid chun folláine a chur chun cinn i gcomhréir le Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne Oideachais.



# 3 | Polasaí agus Pleanáil

Aithníonn agus saibhríonn polasaithe agus pleanáil atá oiriúnaitheach agus freagrúil agus ina bhfuil leanaí agus daoine óga, a dteaghlaigh, na comhpháirtithe oideachais agus na príomhpháirtithe leasmhara mar rannpháirtithe gníomhacha agus iad ag obair i gcomhar leis an Rialtas, an ról atá againn maidir le bulaíocht a chosc i scoileanna na hÉireann.

# Polasaí agus Pleanáil

### Bailiú Sonraí

Scrúdóidh an Roinn Oideachais conas is féidir le scoileanna eachtraí inar líomhnaíodh iompar bulaíochta a thaifeadadh ar bhealach anaithnidithe, ina mbeidh faisnéis faoin gcineál iompair, an cur chuige a glacadh chun dul i ngleic leis an iompar agus an toradh. Déanfaidh scoileanna athbhreithniú rialta ar a dtaifid d'eachtraí inar líomhnaíodh iompar bulaíochta chun treochtaí atá ag teacht chun cinn a aithint, chun eochairphointí foghlama a aithint agus chun breithniú a dhéanamh ar na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh ionas nach dtarlóidh a leithéid arís.

Déanfaidh an Roinn Oideachais forbairt ar bhunachar sonraí náisiúnta a chur chun cinn chun bailiú sonraí ar bhealach anaithnidithe a éascú chun forbairt ar thuarascáil bhliantúil náisiúnta ar bhulaíocht i scoileanna a éascú.

### Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile

Déanfar gnásanna frithbhulaíochta bunscoile agus iar-bhunscoile a uasdátú chun bulaíocht maidir le féiniúlacht inscne, cibearbhulaíocht, bulaíocht chiníoch, bulaíocht ghnéasach agus ciapadh gnéasach a chur san áireamh. Cuirfidh na gnásanna sin treoir ar fáil freisin maidir le cathain a dhéantar Ábhar Imní um Chosaint Leanaí d'eachtra bhulaíochta, cinnteoidh siad go mbeidh maoirseacht chuí ar leibhéal na scoile agus cinnteoidh siad go ndéanfar polasaí frithbhulaíochta scoile a fhorbairt agus a athbhreithniú i gcomhar le pobal uile na scoile.

Déanfaidh an Roinn Oideachais doiciméid teimpléid éigeantacha don fhrithbhulaíocht a fhorbairt chun cabhrú le scoileanna a ngnásanna frithbhulaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Beidh ar scoileanna a chinntiú go bhfuil a bPolasaí Frithbhulaíochta inrochtana agus go bhfuil sé ar fáil do phobal uile na scoile.

### Acmhainní chun tacú le Daltaí agus Scoláirí LADTA+ i scoileanna

Déanfaidh an Roinn Oideachais athbhreithniú agus uasdátú ar an Acmhainn *Taithí Mhuintir LADTA ar Scoil*.

### Treoirlínte do Chód Iompair

Déanfaidh Tusla athbhreithniú agus uasdátú ar *Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna* 2008 chun léiriú a dhéanamh ar pholasaí agus ar ghnásanna reatha na Roinne Oideachais do scoileanna, lena n-áirítear *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* agus lena chinntiú go bhfuil dóthain uirlisí ag scoileanna chun dul i ngleic le fadhbanna bulaíochta nuair a thagann siad chun cinn.

### Taighde

Déanfaidh an Roinn Oideachais breis taighde a shainaithint agus a thionscnamh maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi chun tacú le scaipeadh an dea-chleachtais agus chun fianaise a sholáthar i gcomhair tuilleadh forbartha ar pholasaí agus i gcomhair cinnteoireachta.

### Coimisinéir um Shábháilteacht ar Líne

Rachaidh an Roinn Oideachais i mbun rannpháirtíochta leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Spóirt agus Meán maidir le ról an Choimisinéara um Shábháilteacht ar Líne.

Rachaidh an Roinn Oideachais i mbun rannpháirtíochta leis an gCoimisinéir um Shábháilteacht ar Líne nuair a dhéanfar é nó í a cheapadh, go háirithe maidir leis na bealaí ar féidir le cuideachtaí meán sóisialta tacú le bearta chun bulaíocht i measc leanaí a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna agus ar líne.


Beidh ionadaíocht ag an Roinn Oideachais i gcónaí ar an gComhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht ar Líne, a bhfuil comhairle a sholáthar don Rialtas maidir le ceisteanna polasaí a bhaineann le sábháilteacht ar líne agus ionchur a bheith aici i bhforbairt ábhar treorach um shábháilteacht ar líne do gach úsáideoir idirlín i measc na gcúramaí atá uirthi.

### An Grúpa Feidhmithe agus Measúnachta

Bunóidh an Roinn Oideachais grúpa feidhmithe chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*. Déanfar clár measúnachta agus athbhreithnithe, lena n-áirítear tuairiscí rialta ar dhul chun cinn a fhoilsiú, a fhorbairt mar chuid den phlean feidhmithe.

# 4 | Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí

Cuireann cur chun cinn na forbartha ar chaidrimh agus ar chomhpháirtíochtaí idir leanaí agus daoine óga, a dteaghlaigh agus pobal na scoile feabhas ar ár líonraí agus ar an tuiscint atá againn ar eispéiris a chéile i sochaí na hÉireann.



## Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí

### Guth agus Rannpháirtíocht an Scoláire

Beidh ar scoileanna dul i mbun rannpháirtíochta lena gcuid daltaí agus lena gcuid scoláirí chun tacú le tionscnaimh frithbhulaíochta agus folláine atá faoi stiúir daltaí agus scoláirí agus iad a chur chun cinn. Soláthróidh an Roinn Oideachais treoir do scoileanna chun é sin a éascú i gcomhréir leis an *gCreat Náisiúnta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht*.

Spreagfaidh an Roinn Oideachais scoileanna chun comhairlí na scoláirí a bhunú, ar comhairlí iad atá ionadaíoch do dhaltaí agus do scoláirí sa scoil.

Bunóidh an Roinn Oideachais aonad tiomnaithe chun guth leanaí agus daoine óga a chur chun cinn agus lena chinntiú go bhfuil ionchur fónta acu i bhforbairt pholasaí na Roinne.

Cuirfidh an Roinn Oideachas an Bille Cairte chun cinn trí Thithe an Oireachtais agus déanfaidh sí forbairt ar Threoirlínte Cairte a neartóidh guth agus rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga agus a dtuismitheoirí i bhforbairt agus i bhfeidhmiú polasaithe scoileanna lena n-áirítear a bpolasaí frithbhulaíochta.

### Cnuasaigh Scoileanna

Spreagfaidh an Roinn Oideachais scoileanna chun teacht le chéile lena bpobal scoile, lena n-áirítear grúpaí ionadaíocha, chun cnuasaigh a bhunú chun tionscnaimh a bhaineann le folláine a chur chun cinn agus chun dea-chleachtas agus nuálaíochtaí a roinnt agus iad dírithe go háirithe ar bhulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn.

### Tacaíochtaí Folláine agus Meabhairshláinte

Soláthróidh an Roinn Oideachais clár píolótach de thacaíochtaí comhairleoireachta do bhunscoileanna.

Leanfaidh an Roinn Oideachais uirthi ag obair go dlúth leis an Roinn Sláinte chun iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí chun feabhas a chur ar thacaíochtaí folláine agus meabhairshláinte do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear múscailt feasachta, iompar a lorgaíonn cabhair a chur chun cinn, agus comharthaí eolais a sholáthar chuig na seirbhísí atá ar fáil.

Méadóidh an Roinn Oideachais líon na Síceolaithe sa tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) atá ar fáil laistigh d'earnáil na scoileanna déanfaidh sí bearta réamhghníomhacha chun an staidéar ar Shíceolaíocht Oideachais a chur chun cinn.

### Éagsúlacht i nGairm na Múinteoireachta

Leanfaidh an Roinn Oideachais uirthi ag tacú le cuspóirí an Phlean Náisiúnta Rochtana 2022 – 2028 chun líon na mac léinn ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht atá ag dul le hOiliúint Tosaigh Múinteoirí a mhéadú ionas go léireoidh gairm na múinteoireachta éagsúlacht shochaí na hÉireann.

### Acmhainní

Déanfar an suíomh gréasáin tacklebullying.ie a nuashonrú ionas go mbeidh an t-ábhar atá air níos inrochtana do leanaí agus daoine óga, tuismitheoirí agus foirne scoile agus go mbeidh samplaí den dea-chleachtas ar leibhéal na scoile ann. Nuair a bheidh sé nuashonraithe, déanfar feachtas feasachta a fhorbairt chun an suíomh gréasáin agus an t-eolas atá ar fáil air a chur chun cinn.

Déanfaidh an Roinn Oideachais an liosta d'acmhainní folláine atá ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga, tuismitheoirí agus foirne scoile a nuashonrú chun go gcuimseoidh sé acmhainní sa réimse a bhaineann le bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic leo agus comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn.

Leanfaidh an Roinn Oideachais ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta don obair atá ar siúl ag an Lárionad Náisiúnta Taighde um Fhrithbhulaíocht in OCBÁC.

# Rath a Thomhas



# Rath a Thomhas

Cuideoidh feidhmiú gach ceann de na bearta atá sa phlean gníomhaíochta seo linn chun cur chuige oideachais uile a chur i bhfeidhm maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi inár scoileanna.


Leagtar amach *in Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* treochlár le leanúint. Déanfaidh an Roinn Oideachais, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe oideachais, plean a fhorbairt chun *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* a fheidhmiú, ar plean é ina mbeidh bearta mionsonraithe agus, más gá, fobhearta chomh maith le hachair ama don fheidhmiú. San áireamh sa phlean feidhmithe freisin beidh clár meastóireachta agus athbhreithnithe lena n-áirítear tuairiscí rialta a fhoilsiú ina mbeidh sonraí faoin dul chun cinn a rinneadh maidir le gach ceann de na bearta agus na fobhearta a chur i bhfeidhm.

Bunóidh an Roinn Grúpa Feidhmithe chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an phlean agus treoir a thabhairt ina leith sin.

Le linn an phróisis feidhmithe, fanfaidh an Roinn i dteagmháil lenár gcomhpháirtithe oideachais, leis na príomhpháirtithe leasmhara agus leis na gníomhaireachtaí cuí.

Samhlaítear go léireoidh roinnt beart an rath a bheidh ar *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht*, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Guth agus rannpháirtíocht níos mó a bheith ag leanaí, daoine óga agus a dtuismitheoirí i dtaca le polasaí a fhorbairt agus a fheidhmiú ar leibhéal na scoile agus ar an leibhéal náisiúnta lena n-áirítear i dtaca le bearta a fhorbairt agus a fheidhmiú chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna
- Comhairlí na Scoláirí agus foirne scoile a léiríonn éagsúlacht phobal na scoile
- Go mbeadh gach scoil páirteach i gcur chuige na féinmheastóireachta scoile maidir le folláine a chur chun cinn i gcomhréir le Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne
- Cultúir dhearfacha a leabú i scoileanna mar a léirítear ó thuairiscí Cigireachta atá foilsithe, taighde náisiúnta agus dearbhuithe maidir le cultúr agus luachanna na scoile
- Go mbeadh an t-eolas, na scileanna agus an mhuinín á soláthar d'fhoireann uile na scoile chun bulaíocht, ciníochas, gnéasachas agus ciapadh gnéasach a chosc agus dul i ngleic leo agus chun cothromas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus folláine a chur chun cinn
- Curaclam atá cothrom le dáta ina gcuimsítear bearta chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi agus chun cothromas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus oideachas idirchultúrtha agus folláine a chur chun cinn
- Cuir chuige frithbhulaíochta atá éifeachtach maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi mar a léirítear i dtuairiscí Cigireachta, i dtuairiscí na mbord bainistíochta agus i sonraí náisiúnta
- Cláir éifeachtacha frithbhulaíochta a fheidhmiú
- Sonraí náisiúnta a thiomsú i dtaca le forleithne na bulaíochta agus bearta a théann i ngleic go rathúil leis an mbulaíocht
- Polasaí a gcuireann taighde bonn eolais faoi, FGL agus feachtais chun feasacht a mhúscailt chun gach cineál bulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi



# Ráiteas Deiridh

Soláthraíonn *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht* fís chomhchoiteann agus treochlár soiléir maidir leis an mbealach ar féidir le pobal uile an oideachais agus an tsochaí oibriú i gcomhar chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi inár scoileanna.

Rinneadh na bearta nua seo a dhearadh go cúramach agus leas á bhaint as an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta is déanaí agus as cleachtas fianaisebhunaithe, agus ó bheith ag éisteacht le guthanna leanaí agus daoine óga, tuismitheoirí, foirne scoile agus phobal an oideachais i gcoitinne. I gcomhar le chéile tá plean uaillmhianach cruthaithe againn chun cabhrú lena chinntiú go mothaíonn ár leanaí agus ár ndaoine óga go léir slán agus sábháilte agus go ndéantar iad a chothú chun barr a gcumais a bhaint amach.

Freagracht chomhroinnte de chuid an phobail is ea bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. Tosaíonn sé le gach duine againn inár ndearcthaí, inár smaointe, inár mbriathra agus inár ngníomhartha ó lá go lá. Mar sin, oibrímis le chéile i dtreo sochaí Éireannach atá ionchuimsitheach agus atá saor ó bhulaíocht de gach cineál agus ar sochaí í ina bhfuil meas ar ilchineálacht agus ar éagsúlacht aonair agus ina ndéantar iad a cheiliúradh.



# Ballraíocht an Choiste Stiúrtha

- Aileen Hickie, POF, Parentline
- Áine Lynch, POF, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí - Bunscoileanna
- Bridget Wilson, An tAonad um Polasaí Cearta Leanaí, An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
- Caitlin-Faye Maniti, Uachtarán, Aontas Daltaí Iar-bhunscoile na hÉireann
- Deirdre Shanley, Rúnaí Cúnta, Rannóg na Scoileanna, An Roinn Oideachais
- Emer O'Neill, Gníomhaí frithchiníochais, Múinteoir, Láithreoir
- An tOllamh James O'Higgins Norman, Ollúnacht EOECNA um Dhul i nGleic le Bulaíocht agus Cibearbhulaíocht/Stiúrthóir Ionad Frithbhulaíochta OCBÁC
- Jane McGarrigle, Oifigeach Tionscadail, Webwise
- Judith Lyons, Aonad na dTuismitheoirí agus na bhFoghlaimeoirí, An Roinn Oideachais
- Majella O'Dea, An Rannóg um Oideachas Múinteoirí, An Roinn Oideachais
- Maria Bracken, Digiteach, Soláthar Múinteoirí, Aonad na Comhairle Múinteoireachta, An Roinn Oideachais.
- Maria Joyce, Comhordaitheoir, An Fóram Náisiúnta do Thaistealaithe Mná
- Martin Lally, Príomhchigire Cúnta, An Chigireacht, An Roinn Oideachais
- Moninne Griffith, POF, BeLonG To
- Niamh Molloy, Aonad na dTuismitheoirí agus na bhFoghlaimeoirí, An Roinn Oideachais
- An Dr Noel Purdy, Stiúrthóir, an tIonad um Thaighde ar Thearcghnóthachtáil Oideachais (CREU) Coláiste Ollscoile Stranmillis, Cathaoirleach an Choiste
- Paul Rolston, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí - Iar-bhunscoileanna
- Rebecca Galligan, An Chigireacht, An Roinn Oideachais
- Ronan Kielt, An tAonad Polasaí Curaclaim agus Measúnaithe, An Roinn Oideachais
- Ryan McKay, Aonad na dTuismitheoirí agus na bhFoghlaimeoirí, An Roinn Oideachais
- Sarah Benson, POF, Cúnamh do Mhná
- Seònaid Ó'Murchadha, Comhalta Boird, An Ghluaiseacht um Maireachtáil Neamhspleách in Éirinn
- Sharon Eustace, Stiúrthóir Réigiúnach, An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO), An Roinn Oideachais>
- Yvonne Keating, Príomhchigire, An Chigireacht, An Roinn Oideachais
- Zak Moradi, Gníomhaí Frithchiníochais

(Ballraíocht an Choiste ag am an fhoilsithe)

# Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| OCBÁC | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath |
| IAO | Institiúid ardoideachais |
| OTM | Oiliúint tosaigh múinteoirí |
| LADTA+ | Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach agus Aiteach |
| CCNSL | An Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht ar Líne |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| SNSO | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| MNC | Múinteoir nuacháilithe |
| SFGM | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí |
| OCG | Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta |
| TDLSR | Tacú le Daoine den Lucht Siúil agus Romaigh |
| OSPS | Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte |
| NA | Na Náisiúin Aontaithe |
| EOECNA | Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe |
| CÉINAL | Ciste Éigeandála Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Leanaí |

# Leabharliosta


Seirbhísí Óige BeLonG To (2022) Suirbhé 2022 ar Thimpeallacht Scoileanna na hÉireann—Príomhchinntí (nasc anseo: https://www.belongto.org/professionals/research/2022-school-climate-survey_key-findings/)

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2019) Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2018-2023. Rialtas na hÉireann (nasc anseo: https://www.gov.ie/en/collection/97aa18-national-educational-psychological-service-neps-resources-and-public/#wellbeing)

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2013) Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht 2013, Rialtas na hÉireann (nasc anseo: https://www.gov.ie/en/policy-information/bullying-information-for-parents-and-students/#resources-for-parents-students-and-schools)

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2013) *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile 2013* (nasc anseo: https://www.gov.ie/en/policy-information/9bf5d3-inclusive-education/#anti-bullying-in-schools)

Tithe an Oireachtais (2021) An Comhchoiste um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíochta Tuarascáil ar Bhulaíocht ar Scoil agus an Tionchar ar Mheabhairshláinte, Baile Átha Cliath. (nasc anseo: https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/joint_committee_on_education_further_and_higher_education_research_innovation_and_science/submissions/2021/2021-08-23_report-on-school-bullying-and-the-impact-on-mental-health_en.pdf)

Kuldas, S., Foody, M. & O'Higgins Norman, J. (2022) Does Ethnicity of Victims and Bullies Really Matter? Suggestions for Further Research on Intra-Ethnic Bullying/Victimisation. sa Journal of Bullying Prevention 4, 243–254.

An Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht ar Líne (2021) Tuarascáil ar Shuirbhé Náisiúnta ar Leanaí, a dTuismitheoirí agus Daoine fásta maidir le Sábháilteacht ar Líne, Rialtas na hÉireann. (nasc anseo: https://www.gov.ie/en/publication/1f19b-report-of-a-national-survey-of-children-their-parents-and-adults-regarding-online-safety/)

CÉINAL (2007) Bochtanas Leanaí ina Cheart: Forléargas ar Fholláine Leanaí i dTíortha Saibhre. Cárta Tuairisce 7 Innocenti.  Flórans: Ionad Taighde Innocenti CÉINAL (nasc anseo: )

EOECNA (2019) Taobh Thiar de na Figiúirí, Deireadh a Chur le Foréigean Scoile agus le Bulaíocht (nasc anseo: https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000366483)

EOECNA (2020) Comhdháil Idirnáisiúnta ar Bhulaíocht Scoile: moltaí ón gCoiste Eolaíochta maidir le bulaíocht scoile agus cibearbhulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. (nasc anseo: https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000374794/)





